



An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Oideachas Tosaigh Múinteoirí:

Pro Forma atá le húsáid chun cláir athchoincheaptha nó cláir nua a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta le hathbhreithniú agus creidiúnú gairmiúil a dhéanamh orthu

Feabhra 2014

Clár an Ábhair

Réamhrá	4
1. Ionchur	6
1.1. Creat Coincheapúil	6
1.2. An Clár	7
1.1.1. Aidhmeanna an Chláir.....	8
1.1.2. Dearadh an Chláir	9
1.1.3. Réimsí Staidéir	10
1.1.4. Straitéisí Teagaisc, Foghlama agus Measúaithe	13
1.1.5. Socrúchán Scoile	14
1.3. Tréimhse agus Ábhar an Chláir	16
1.4. Iontráil Mac Léinn.....	17
1.5. Soláthar Foirne	18
1.6. Áiseanna	19
1.7. Córais um Thacú agus Treorú Mac Léinn	20
1.8. Struchtúir Chumarsáide agus Chinnteoireachta	21
1.9. Acmhainní Airgeadais	22
2. Próisis	23
2.1. Cuir Chuige um Theagasc, Foghlaim agus Measúnú	23
2.2. Rannpháirtíocht na Múinteoirí faoi Oiliúint sa Chlár.....	24
2.3. Plé Múinteoirí faoi Oiliúint le Baill Foirne agus le Múinteoirí eile faoi Oiliúint.....	25
2.4. Dul chun cinn laistigh den Chlár.....	26
2.5. Forbairt Phearsanta agus Shóisialta.....	27
2.6. Meonta, Luachanna agus Claontaí Gairmiúla	28
2.7. Foghlaim ar Feadh an tSaoil	29
2.8. Próisis Mhachnamhacha	30

3. Torthaí	31
3.1. Leithead Eolais/Cineál Eolais	32
3.2. Fios Gnó & Réimse Scileanna/Fios Gnó & Roghnaíocht Scileanna.....	34
3.3. Inniúlacht - Comhthéacs/Inniúlacht-Ról	36
3.4. Inniúlacht-Foghlaim chun Foghlama	37
3.5. Inniúlacht-Léargas.....	38
4. Faisnéis Fhorlíontach	39
Aguisín A.....	40

Réamhrá

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil i mí an Mhárta 2006 mar an comhlacht um chaighdeán ghairmiúla don mhúinteoireacht.

Feidhmíonn an Chomhairle go huile is go hiomlán laistigh den chreat a chuirtear ar fáil san Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. In alt 38 den Acht sin, leagtar amach ról reachtúil na Comhairle maidir le cláir d'oideachas tosaigh múinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú.

Sula ndéantar athbhreithniú ar chlár d'oideachas tosaigh múinteoirí, scríobhann an Chomhairle chuig an Institiúid Ardoideachais lena chur in iúl go bhfuil tús á chur le hathbhreithniú agus iarratas a dhéanamh ar na doiciméid riachtanacha a chur isteach. Rinneadh an Pro Forma seo a dhearadh chun na doiciméid riachtanacha a chur isteach.

Agus an pro forma seo á chomhlánú, ba chóir d'Institiúidí Ardoideachais aird a thabhairt ar na foilseacháin seo a leanas ón gComhairle:

- [Initial Teacher Education: Strategy for the Review and Professional Accreditation of Existing Programmes, 2011](#), ina leagtar amach na próisis agus na nósanna imeachta trína ndéanann an Chomhairle cláir a athbhreithniú agus a chreidiúnú.
- [Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirínte do Sholáthraithe Clár, 2011](#), ina leagtar amach na critéir nach mór do sholáthraithe iad a chomhlíonadh agus cláir á ndearadh acu.
- [Treoirínte ar Shocrúchán Scoile, 2013](#)
- [Tuairisc Ghrúpa Oibre Socrúcháin na Gaeltachta chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, 2012](#) (Soláthraithe de chlár **bhunscoile** amháin).
- [Riachtanais Ábhair na Comhairle Múinteoireachta \(Iarbhunscoil\) do dhaoine atá ag déanamh iarratais ar chlárúchán ar an nó tar éis an 1 Eanáir 2017](#), Foilsithe i mí Dheireadh Fómhair 2013 (Soláthraithe de chlár **iarbhunscoile** amháin)

Tá uimhir taobh le gach ceannteideal sa Pro Forma seo agus is féidir crostagairt a dhéanamh idir an uimhir sin agus an uimhir chomhfhreagrach sa cháipéis *Critéir agus Treoirínte*.

Déanfaidh Painéal Athbhreithnithe Neamhspleách, a bheidh ceaptha ag an gComhairle chun an clár a athbhreithniú, an pro forma comhlánaithe a léamh. Tá sé de fhreagracht ar sholáthraithe clár cibé faisnéis a sholáthar don Chomhairle Mhúinteoireachta faoin gclár atá le hathbhreithniú a mheasann an soláthraí is gá chun a léiriú gur chóir an clár a chreidiúnú.

An Pro Forma a Chomhlánú agus a Chur Isteach

Agus an Pro Forma á chomhlánú, ba chóir do sholáthraithe iarracht a dhéanamh a bheith chomh beacht agus is féidir agus gan é a dhéanamh ró-fhada. Chun na críche sin, ba chóir dóibh dúbláil a sheachaint. Más rud é go bhfuil faisnéis ar leith ábhartha faoi cheannteidil éagsúla, níor chóir í a chur isteach ach uair amháin agus ba chóir crostagairt a dhéanamh di, de réir mar is cuí.

Ní mór go mbeadh sé éasca an doiciméad a leanúint. Iarrtar ar sholáthraithe a chinntiú, go háirithe, go bhfuil uimhir ar gach leathanach de na doiciméid agus go gcuirtear leathanach le clár an ábhair atá mionsonraithe ar fáil. Ba chóir do gach aighneacht cloí leis na ceannteidil a leagtar amach sa Pro Forma seo, agus ba chóir clibeanna dathchódaithe a chur ar fáil leis chun codanna éagsúla an doiciméid a shainaithint agus a idirdhealú óna chéile.

Ba chóir achoimre ghairid, ina bhfuil cúpla leathanach ar a mhéad, a chur ar fáil leis an Pro Forma comhlánaithe ina dtabharfar forléargas ar na doiciméid agus ina míneofar do bhaill an Phainéil Athbhreithnithe cá háit a bhfuil an phríomhfaisnéis, cosúil le cláir ama, tuairiscí ar mhodúil, etc. ar fáil.

Níor chóir go mbeadh sé indéanta na doiciméid a chur isteach i ndoiciméad ceangailte amháin ina bhfuil 100 leathanach ar a mhéad, ach amháin má bhíonn tuairiscí ar mhodúil curtha isteach in Aguisín ar leith. Féadfar ábhar forlíontach mar seo a leanas a chur faoi iamh freisin:

- Cláir ama
- Lámhleabhar na mac léinn
- Lámhleabhar maidir le socrúchán scoile
- Achoimre ghairid ar an doiciméad (mar atá leagtha amach thuas).

Féadfar ábhar forlíontach breise a chur ar fáil do bhaill an phainéil le linn a gcuairte ar an Institiúid Ardoideachais agus féadfar tagairt a dhéanamh don ábhar sin faoi Chuid 4 den Pro Forma.

Ní mór don Chomhairle Mhúinteoireachta **an Pro Forma comhlánaithe agus na doiciméid uile a ghabhann leis** a fháil faoin dáta comhaontaithe. Ba chóir an Pro Forma agus aon doiciméid a ghabhann leis a chur isteach go leictreonach i dtús báire. Mura ndéantar na doiciméid uile a sholáthar, cuirfeadh é sin in iúl do sholáthraí an chláir agus ní mór an t-ábhar riachtanach a chur isteach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta laistigh den tréimhse ama a shonraíonn an Chomhairle. Nuair a dheimhnítear gur cuireadh na doiciméid isteach i gcomhréir le riachtanais soláthair na Comhairle, déanfar iarratas le haghaidh cóipeanna crua de na doiciméid.

1. Ionchur

1.1. Creat Coincheapúil

Ag féachaint do Chuid 1.1 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, leag amach thíos, le do thoil, an creat coincheapúil lena gcuirtear bonn faoin gclár, agus tagairt ar leith á déanamh do na nithe seo a leanas:

- an bonn taighde faoin gcreat coincheapúil;
- na prionsabail, tuairimí agus luachanna i ndáil le hoideachas, oideachas múinteoirí agus teagasc agus foghlaim san earnáil teagasc ar leith dá bhfuil an clár deartha;
- an réasúnaíocht don mhúnla oideachas múinteoirí a úsáidtear sa chlár;
- an chaoi ina léirítear an creat coincheapúil in aidhmeanna an chlár.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

1.2. An Clár

Ag féachaint do Chuid 1.2 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, leag amach thíos, le do thoil, na mionsonraí seo a leanas i ndáil leis an gclár:

- teideal an chláir agus an cháilíocht atá le bronnadh;
- an dáta a bronnadh creidiúnú gairmiúil air agus an foras cáiliúcháin (cuir isteach fianaise dhoiciméadach);
- i gcás na gclár comhreathacha iarbhunscoile, ábhair churaclaim a bhfuil an creidiúnú gairmiúil á lorg dóibh;
- cur síos gairid ar stair an chláir roimh an athchoincheapadh;
- sannadh agus ról scrúdaitheoirí seachtracha;
- aon mheicníochtaí d'athbhreithniú inmheánach nó seachtrach a rinneadh ar an gclár (lena n-áirítear athbhreithnithe inmheánacha, athbhreithnithe déanta ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, iniúchtaí cáilíochta seachtracha, athbhreithnithe acadúla déanta ag forais chreidiúnúcháin, athbhreithnithe déanta ag mic léinn nó iar-mhic léinn, athbhreithnithe féinmheastóireachta, staidéir ar cheann scríbe, etc.)

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

1.1.1. Aidhmeanna an Chláir

Ag féachaint do Chuid 1.2.1 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, leag amach thíos, le do thoil, aidhmeanna an chláir, agus tagairt ar leith á déanamh do na nithe seo a leanas:

- an chaoi ina bhfuil na haidhmeanna dlúthcheangailte leis an gcreat coincheapúil
- an chaoi ina léirítear na haidhmeanna i dtorthaí foghlama na gcúrsaí agus na modúl is cuid den chlár.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

1.1.2. Dearadh an Chláir

Ag féachaint do Chuid 1.2.2 de *Critéir agus Treoirí* na Comhairle, agus do Thábla 1 sa cháipéis sin, go háirithe, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar dhearadh an chláir.

Agus aghaidh á tabhairt air seo, ba chóir do sholáthraithe tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

- struchtúr, leibhéal, creidiúintí agus dámhachtainí an chláir (bheadh sé ina chabhair dá bhféadfaí struchtúr an chláir a thaispeáint i bhfoirm léaráide.)
- na réimsí staidéir atá éigeantach do gach mac léinn agus na réimsí staidéir atá roghnach (ag sonrú líon na n-ábhar roghnach a dhéanfaidh gach mac léinn)
- uaireanta teagmhála do gach réimse staidéir
- cláir ama na mac léinn¹
- conas a dhéantar dul chun cinn sna cúrsaí, más iomchuí
- méid an ama/na creidiúintí ECTS a leithdháiltear ar ghnéithe éagsúla an chláir
- an chaoi ina ndéantar naisc thraschúrsa/thraschuraclaim
- an taithí éagsúil a fhaigheann múinteoirí faoi oiliúint a chuirfidh lena bhforbairt ghairmiúil agus phearsanta
- aon socrúithe a dhéantar i dtaca le foghlaim pháirtaimseartha nó sholúbtha, lena n-áirítear foghlaim ar líne le huirlisí cosúil le Moodle nó Blackboard
- an fhoráil a dhéantar do staidéar neamhspleách
- na múnlaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe lena gcuirtear bonn faoin gclár, mar aon le bonn taighde na múnlaí sin agus an chaoi ina bhfeidhmítear na múnlaí sin sa chláir

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

¹ Ní gá don Chomhairle clár ama do gach teaghlaim ábhar agus do gach seimeastar i ngach bliain a fheiceáil (Bliain 1, Bliain 2, Bliain 3, etc.). Ní gá ach sampla léiritheach de chláir ama a chur ar fáil, más leor sin chun cur ar chumas na Comhairle tuiscint a fháil ar an gcaoi ina ndéantar am a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama éagsúla agus ar an gcobhsaíocht idir na gníomhaíochtaí sin (léachtaí, ranganna teagaisc, am staidéir neamhspleách, am léitheoireachta, socrúcháin scoile, micríteagasc, etc.). Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh féilirí cláir a léiríonn seachtainí léitheoireachta, seachtainí staidéir, ullmhúcháin do shocrúcháin scoile, etc. a bheith ábhartha anseo freisin.

1.1.3. Réimsí Staidéir

Ag féachaint do Chuid 1.2.3 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar réimsí staidéir an chlár.

Agus aghaidh á tabhairt air seo, ba chóir do sholáthraithe na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- tuairiscí ar gach modúl sa chlár²
- bileoga faisnéise samplacha ón gcúrsa³
- i gcás clár iarbhuscoile, líon na modheolaíochtaí a thairgtear agus an bealach ina gcinnteofar go ndéanfar modheolaíochtaí ábharoiriúnaithe a thairiscint i gcomhréir le critéir ábhair na Comhairle.

Ba chóir do sholáthraithe a shonrú freisin ar an gcaoi ina dtabharfaidh ábhar an chlár faoi na tosaíochtaí straitéiseacha reatha (Lítearthacht & Uimhearthacht, TFC, agus cuimsiú san áireamh) agus na réimsí éigeantacha mar atá leagtha amach i dTábla 2 de *Critéir & Treoirlínte na Comhairle*. Agus é seo á dhéanamh, cloígh le Teimpléad A atá curtha ar fáil ar an gcéad leathanach eile.

Nótaí do Theimpléad A (Ich 12, ar an gcéad leathanach eile)

I gCuid (i) Modúil: Luaigh le do thoil na modúil uile ina mbeidh an ghné éigeantach/príomhghné seo clúdaithe.

I gCuid (ii) Blianta: Luaigh le do thoil na blianta ina mbeidh na modúil seo ann.

Glac an méid spáis atá de dhíth chun gach roinn den tábla a chomhlánú.

² Bheadh sé ina chuidiú do phainéil athbhreithnithe dá gcloífeadh na hInstitiúidí Ardoideachais leis an teimpléad a chuirtear ar fáil (Teimpléad B) agus na tuairiscí ar mhodúil á leagan amach.

³ Más rud é go soláthraítear bileoga faisnéise caighdeánaithe do gach ábhar sa chlár, ba chóir sampla léiritheach de na bileoga faisnéise sin a chur san áireamh. Má tá difear mór sna bileoga faisnéise a chuireann léachtóirí éagsúla ar fáil, áfach, seans gur mhian le soláthraithe é sin a lua agus b'fhéidir roinnt bileog a chur ar fáil chun na cineálacha éagsúla bileog a thugtar do mhic léinn a léiriú. Níl an Chomhairle ag tnúth leis go gcuirfead lear mór samplaí ar fáil, ach féadfar samplaí breise a sholáthar don Phainéal Athbhreithnithe lena scrúdú nuair a thabharfaidh siad cuairt ar an Institiúid Ardoideachais.

TEIMPLÉAD A – Réimsí Éigeantacha

Gnéithe Éigeantacha/Príomhghnéithe	(i) Modúil	(ii) Blianta
Oideachas luath-óige		
Oideachas ionchuimsitheach		
Uimhearthacht		
Litearthacht		
Gaeilge (Bunscoil)		
An Múinteoir mar Chleachtóir/Taighdeoir Gairmiúil/Machnamhach		
Punann Ghairmiúil a Fhorbairt		
Tuismitheoirí san Oideachas Comhoibriú agus comhshaothar		
An Scoil mar Phobal Foghlama		
Ullmhúchán do Shocrúchán Scoile		
Teagasc, Foghlaim agus Measúnú Pleanáil Scoile agus Seomra Ranga san áireamh		
Difreáil		
Bainistíocht Iompraíochta		
TFC sa Teagasc & Foghlaim		
An Reachtaíocht a bhaineann leis an Scoil agus Seomra Ranga		
An Múinteoir agus Gníomhaireachtaí Seachtracha		

TEIMPLÉAD B – Tuairiscí ar Mhodúil

Agus an teimpléad thíos á chomhlánú, iarrtar ar Institiúidí Ardoideachais:

- torthaí foghlama a chur isteach atá sainiúil agus intomhaiste, curtha i láthair i bhformáid forbartha agus ar aon dul leis an ábhar atá leagtha amach
- an dul chun cinn a shonrú idir na modúil ghaolmhara ó thaobh fhoghlaim agus fhéinfhorbairt na scoláirí
- liostaí léitheoireachta a chur isteach ina bhfuil léitheoireacht riachtanach agus léitheoireacht bhreise agus ina bhfuil eolas bibleagrafaíoch iomlán etc.)
- eolas maidir le foghlaim neamhspleách an scoláire chomh maith le treoir agus rannpháirtíocht

dhíreach. Glac an méid spáis atá de dhíth chun gach roinn den tábla seo a chomhlánú.

Cód an Mhodúil	Teideal an Mhodúil
Seimeastar	Bliain
Ualú ECTS	
Am Teagmhála Iomlán	
Leithdháileadh Ama in aghaidh na Seachtaine	
Comhordaitheoirí Modúl	
Réasúnaíocht	
Léargas Ginearálta ar an Modúl	
Torthaí Foghlama	
Ábhar an Mhodúil	
Straitéisí Teagaisc & Foghlama (Móid Soláthair)	
Acmhainní Teagaisc	
Imeascadh le Modúil Eile	
Nósanna Imeachta Measúnaithe	
Léitheoireacht Mholta (riachtanach & bhreise)	

1.1.4. Straitéisí Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe

Ag féachaint do Chuid 1.2.4 de *Critéir agus Treoirí* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar na straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a úsáidtear sa chlár.

Agus aghaidh á tabhairt air seo, ba chóir do sholáthraithe na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- páipéir scrúdaithe shamplacha⁴
- an teimpléad do thuairiscí socrúchán scoile (i.e., an fhoirm a chomhlánaíonn teagascóirí socrúchán scoile agus scrúdaitheoirí seachtracha)
- sampla de mheasúnuithe⁵
- mionsonraí ar aon eolas maidir le measúnú (lena n-áirítear, treoirí measúnaithe, critéir agus rúbric marcála) a bheidh curtha ar fáil do scoláirí sula gcuireann siad tascanna i gcrích⁶

Ba chóir do sholáthraithe na mionsonraí seo a leanas a chur ar fáil freisin:

- an gaol idir feidhmíocht sa socrúchán scoile agus an chéim/an diplóma a bhronntar ar an gcéimí
- aon chórais chúitimh atá i bhfeidhm
- an chaoi ina dtuairiscítear torthaí do scoláirí
- na próisis achomhairc
- an chaoi ina gcuireann beartais agus nósanna imeachta measúnaithe le forbairt na dtorthaí foghlama a leagtar amach i gCuid 3 de doiciméad seo.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

⁴ Níl an Chomhairle ag súil gur gá go gclúdófar gach modúl ar leith. Fágfar an méid páipéar scrúdaithe a chuirtear isteach faoi gach soláthraí. Níor chóir ach páipéir scrúdaithe fholmha amháin a chur isteach.

⁵ Is mian leis an gComhairle liosta tásach de thascanna a fheiceáil ionas gur féidir léi léargas ginearálta leathan a fháil de na cineálacha tascanna atá molta.

1.1.5. Socrúchán Scoile

Ag féachaint do Chuid 1.2.5 de *Critéir agus Treoirí* na Comhairle, agus do Thábla 1 sa doiciméad sin, go háirithe, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar an socrúchán scoile

Agus aghaidh á tabhairt air seo, ba chóir do sholáthraithe tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

- líon, fad agus clár ama na socrúchán, le tagairt shonrach don chuid den socrúchán a bhfuil tréimhse ama leanúnach, níos faide i gceist leis
- líon agus cineál na suíomhanna socrúcháin agus na gcomhthéacsanna scoile
- an cineál socrúcháin (mar shampla, cineál an chaidrimh leis an scoil is óstach, cineál na ngníomhaíochtaí teagaisc agus neamhtheagaisc atá i gceist, an cóimheas riachtanach múinteora/dalta, ról na punainne gairmiúla)
- ról ar leith an mhúinteora faoi oiliúint, an Chomharmhúinteora, Phríomhoide na Scoile agus Theagascóir Socrúcháin na hInstitiúide Ardoideachais
- Teagascóirí Socrúcháin na hInstitiúide Ardoideachais, a gcáilíochtaí, a dtaithe agus na socruithe a dhéantar dá bhforbairt ghairmiúil
- an cineál na comhpháirtíochta idir Teagascóir Socrúcháin na hInstitiúide Ardoideachais agus an Comharmhúinteoir
- measúnú ar shocrúchán scoile lena n-áirítear na torthaí foghlama sonracha a bhaineann leis an socrúchán agus an chaoi ina gcuidíonn an socrúchán le forbairt na dtorthaí foghlama a leagtar amach i gCuid 3 den cháipéis seo; na critéir nach mór a chomhlíonadh chun gráid éagsúla a bhaint amach sa socrúchán scoile; comóntacht cur chuige/tuisceana idir teagascóirí; a mhéid a chuireann an grád/na gráid a fhaightear sa socrúchán scoile leis an dámhachtain dheireanach agus cion na marcanna a leithdháiltear ar ghnéithe ullmhúcháin agus feidhmíochta faoi seach; nósanna imeachta chun achomharc a dhéanamh i ndáil leis an ngrád a fhaightear sa socrúchán scoile
- socruithe a dhéantar chun ullmhú don socrúchán scoile
- socruithe maidir le comhsheisiúin faisnéisithe i ndiaidh an tsocrúcháin
- forálacha a dhéantar chun tacú le múinteoirí faoi oiliúint a bhfuil deacrachtaí acu le linn an tsocrúcháin
- an chaoi ina ndéantar an socrúchán a chomhordú
- an chaoi ina ndéantar an socrúchán a cheangal leis an gcuid eile den chlár.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

Bain úsáid as an tábla atá curtha ar fáil ar leathanach 17 chun achoimre amhairc a thabhairt den ghné Socrúcháin Scoile de do chlár. Tá fáilte romhat tuilleadh sonraí a thabhairt i gcorp d'aighneachta.

Bliain	Sonraí an tsocrúcháin (creidiúintí & fad) ¹	Sonraí an tsocrúcháin (teagasc) ²	Suíomh an tsocrúcháin ³	Líon Cuairteanna an Teagascóra	Measúnú ⁴
Bliain 1					
Bliain 2					
Bliain 3					
Bliain 4					
Bliain 5					
Iomlán					

¹ Sa chuid seo, luaigh iomlán na gcreidiúintí ECTS a leithdháiltear do gach socrúchán agus an t-am den bhliain ina mbíonn an socrúchán scoile. Soiléirigh freisin cé mhéad lá a chaithfear sa scoil agus an tréimhse ama a bheidh i gceist agus cé mhéad uair teagaisc díreacha a bheidh i gceist leis an socrúchán. Luaigh freisin líon na n-uaireanta a chaithfear le gníomhaíochtaí scoilbhunaithe eile, ar nós cruinnithe tuismitheoirí agus múinteoirí, cruinnithe foirne, etc.

² Sa chuid seo, cuir na sonraí seo a leanas ar fáil: fócas an tsocrúcháin; an earnáil ina bhfuil sé (bunscoil nó iarbhunscoil). Más bunscoil atá i gceist, soiléirigh le do thoil, más ranganna naíonán [Naíonáin Shóisir agus Shinsir]; ranganna sóisir [Rang a hAon agus a Dó]; meánranganna [Rang a Trí agus a Ceathair], nó ranganna sinsir [Rang a Cúig agus a Sé]; atá i gceist nó meascán díobh seo. Más iarbhunscoil atá i gceist, soiléirigh le do thoil más é an tSraith Shóisearach nó an tSraith Shinsearach atá i gceist nó meascán den dá cheann, agus chomh maith leis sin cad iad na hábhair a bheidh á dteagasc ag an múinteoir faoi oiliúint, agus cén leibhéal (Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal) a bheidh i gceist.

³ Sa chuid seo, luaigh le do thoil an cineál súimh ina mbeidh an socrúchán; e.g., scoil DEIS, timpeallach tuaithe/uirbeach, BOO, etc. Soiléirigh freisin cé a aimsíonn an socrúchán, : e.g., an mac léinn nó an comhordaitheoir socrúcháin.

⁴ Sa chuid seo, luaigh le do thoil cibé an ndéantar nó nach ndéantar measúnú ar an socrúchán; Má dhéantar measúnú air, cad é an bunús agus cé a dhéanann é.

1.3. Tréimhse agus Ábhar an Chláir

Ag féachaint do Chuid 1.3 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar thréimhse agus ábhar an chláir.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

1.4. Iontráil mac léinn

Ag féachaint do Chuid 1.4 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar iontráil mac léinn.

Agus aghaidh á tabhairt air seo, ba chóir do sholáthraithe tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

- na riachtanais cháilíochta a bhfuil gá leo chun áit a fháil ar an gclár
- aon nósanna imeachta atá ann chun aitheantas a thabhairt do réamhfhoghlaim, ag sonrú na bpróiseas atá i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar réamhfhoghlaim a mheaitseáil le torthaí foghlama
- aon chritéir iontrála eile le fáil ar an gclár
- aon nósanna imeachta atá ann chun na nithe seo a leanas a mheasúnú: (a) tosca ó thaobh dearcaidh agus méine a d'fhéadfadh dul i gcion ar oiriúnacht an iarratasóra don ghairm, agus (b) fianaise ar charachtar, chomh maith leis na próisis atá i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh iarratasóirí na riachtanais sin. Ba chóir cur síos a dhéanamh, ach go háirithe, ar aon phróiseas atá i bhfeidhm chun Grinnfhiosrú Garda a fháil roimh thús an tsocrúcháin scoile
- na beartais agus na nósanna imeachta atá ann chun a chinntiú go mbreithneofar saincheisteanna a bhaineann le soláthar agus éileamh, agus riachtanais chuóta más cuí, e.g., cuótaí do mhic léinn lánfhásta, mic léinn faoi mhíchumas, etc.
- faisnéis staitistiúil ar iontógáil na mac léinn (an líon a bheartaítear a bheidh rollaithe ar an gclár, aistrithe ó chlár/Institiúidí Ardoideachais eile, an mhinicíocht iontógála atá i gceist, etc.)
- an gaol idir riachtanais iontrála agus próisis roghnúcháin agus cumas an mhic léinn páirt ghníomhach a ghlacadh sa chlár.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

1.5. Soláthar Foirne

Ag féachaint do Chuid 1.5 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí, le do thoil, ar an bhfoireann a chuireann an clár ar fáil, trí úsáid a bhaint as an bhfoirm teimpléid in Aguisín A.⁷

Ba chóir do sholáthraithe mionsonraí a sholáthar i ndáil leis na nithe seo a leanas chomh maith:

- struchtúr agus sonrú na foirne, lena n-áirítear mionsonraí ar bhaill foirne tacaíochta (riarthóirí, rúnaithe, etc.) atá sannta don chlár
- na deiseanna atá ag an bhfoireann páirt a ghlacadh i gcleachtas machnamhach, taighde, forbairt curaclaim agus forbairt ghairmiúil
- na teagascóirí socrúcháin agus céatadán na dteagascóirí is múinteoirí cleachtacha iad
- méid an ama foirne a chuirtear i leataobh, ar an meán, do theagasc, measúnú, maoirseacht, taighde, forbairt ghairmiúil, etc.
- aon bheartais forbartha foirne agus na forálacha atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfaigheann an fhoireann deiseanna a gcuid cáilíochtaí agus taithí a fheabhsú agus a uasdátú, de réir mar is cuí
- leabharlann na foirne agus acmhainní eile
- deiseanna líonrú a dhéanamh le hoideoirí eile múinteoirí agus samplaí d'aon chaidreamh straitéiseach ábhartha le baill foirne in institiúidí ardoideachais eile
- cóimheas idir an fhoireann/mic léinn, ag féachaint do líon na mball foirne CL (coibhéis lánaimseartha)⁸
- ról na foirne i bhforbairt na dtorthaí foghlama riachtanacha a ndéantar cur síos orthu i gCuid 3 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

⁷ I gcás ball foirne a fhostaítear ar bhonn ócáideach (lena n-áirítear teagascóirí socrúcháin, scrúdaitheoirí seachtracha, etc.), beidh an Chomhairle sásta glacadh le leagan giorraithe den phróifíl foirne.

⁸ Is é i dóichí go mbeidh na sonraí seo ar fáil go héasca ó oifig an Sparánaí

1.6. Áiseanna

Ag féachaint do Chuid 1.6 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar na háiseanna a chuirtear ar fáil.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

1.7. Córais um Thacú agus Treorú Mac Léinn

Ag féachaint do Chuid 1.7 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar na córais um thacú agus treorú mac léinn atá i bhfeidhm

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

1.8. Struchtúir Chumarsáide agus Chinnteoireachta

Ag féachaint do Chuid 1.8 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar na struchtúir chumarsáide agus chinnteoireachta atá ar fáil chun rannpháirtíocht na foirne agus na mac léinn i bpróisis ábhartha bhreithniúcháin agus chinnteoireachta a éascú.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

1.9. Acmhainní Airgeadais

Ag féachaint do Chuid 1.9 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, maidir leis na hacmhainní airgeadais.

Agus aghaidh á tabhairt air seo, ba chóir do sholáthraithe mionsonraí a thabhairt ar na nithe seo a leanas:

- an buiséad foriomlán don chlár agus an céatadán atá le leithdháileadh ar ghnéithe éagsúla an chlár, cosúil le socrúchán scoile, áiseanna saotharlainne, forbairt foirne, acmhainní teagaisc, etc.
- an buiséad iomlán don Rannóg Oideachais mar chéatadán de bhuiséad foriomlán na hInstitiúide Ardoideachais
- ioncam agus caiteachas per capita an chlár/costas aonaid an chlár
- na próisis trína ndéantar maoiniú a leithdháileadh ar an Rannóg agus/nó ar an gclár, agus méid an tionchair a bhíonn ag an Rannóg Oideachais ar an bpróiseas sin (i.e., léiriú ar conas a dhéantar cinntí i ndáil le caiteachas agus cá háit a ndéantar iad).

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

2. Próisis

Tuigeann an Chomhairle, agus na ceannteidil sa chuid seo á leagan amach, go bhfuil próisis lárnach don chlár agus cuireann sí i gcuimhne do sholáthraithe gur gá dúbláil a sheachaint sa Pro Forma comhlánaithe. Más rud é go bhfuil faisnéis ar leith ábhartha faoi cheannteidil éagsúla, níor chóir í a chur isteach ach uair amháin agus ba chóir crostagairt a dhéanamh di, de réir mar is cuí. Cé go bhféadfadh sé a bheith ag teastáil ó sholáthraithe faisnéis bhreise a sholáthar sa chuid seo faoi ábhair a cuireadh isteach i gcodanna eile den cháipéis, iarrtar orthu discríd a léiriú i ndáil leis sin.

2.1. Cuir Chuige um Theagasc, Foghlaim agus Measúnú

Ag féachaint do Chuid 2.1 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar na cineálacha cur chuige teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá le húsáid.

Agus aghaidh á tabhairt air seo, ba chóir do sholáthraithe tagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

- an gaol idir na cineálacha cur chuige a úsáidtear agus an creat coincheapúil a ndéantar cur síos air i gcuid 1.1
- an gaol idir na cineálacha cur chuige a úsáidtear agus na luachanna a leagtar amach in *An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí*.
- na forálacha a dhéantar maidir le dul siar ar phríomhchoincheapa agus príomhthopaicí i rith an chláir.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

2.2. Rannpháirtíocht na Múinteoirí faoi Oiliúint sa Chlár

Ag féachaint do Chuid 2.2 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar an gcaoi ina gcabhraítear le múinteoirí faoi oiliúint a bheith rannpháirteach go láidir sa chlár.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

2.3. Plé Múinteoirí faoi Oiliúint le Baill Foirne agus le Múinteoirí eile faoi Oiliúint

Ag féachaint do Chuid 2.3 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar an gcaoi ina ndéantar plé a éascú idir múinteoirí faoi oiliúint agus baill foirne agus múinteoirí eile faoi oiliúint.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

2.4. Dul Chun Cinn laistigh den Chlár

Ag féachaint do Chuid 2.4 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí, le do thoil, ar na céimeanna dul chun cinn atá mar chuid den chlár.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

2.5. Forbairt Phearsanta agus Shóisialta

Ag féachaint do Chuid 2.5 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar na próisis agus na córais atá i bhfeidhm chun riachtanais forbartha phearsanta agus shóisialta na múinteoirí faoi oiliúint a aithint, agus chun freastal ar na riachtanais sin.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

2.6. Meonta, Luachanna agus Claontaí Gairmiúla

Ag féachaint do Chuid 2.6 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar na próisis agus na córais a chuirfidh leis na luachanna, na meonta agus na gclaontaí gairmiúla a leagtar amach in *An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí*.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

2.7. Foghlaim ar feadh an tSaoil

Ag féachaint do Chuid 2.7 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar an gcaoi ina gcabhraítear le mic léinn iad féin a fhorbairt mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

2.8. Próisis Mhachnamacha

Ag féachaint do Chuid 2.8 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, tabhair mionsonraí thíos, le do thoil, ar an gcaoi ina n-éascaítear cleachtas machnamhach laistigh den chlár.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

3. Torthaí

Ag féachaint do Chuid 3 de *Critéir agus Treoirlínte* na Comhairle, bain úsáid as an teimpléad thíos, le do thoil, chun achoimre a dhéanamh ar an gcaoi ina gcabhróidh an clár leis na torthaí foghlama faoi gach ceannteideal a bhaint amach.

Cuirtear i gcuimhne do sholáthraithe gur gá dúbláil a sheachaint sna doiciméid a chuirtear isteach. Más rud é go bhfuil faisnéis ar leith ábhartha faoi cheantheidil éagsúla, níor chóir í a chur isteach ach uair amháin agus ba chóir crostagairt a dhéanamh di, de réir mar is cuí. Cé go bhféadfadh sé a bheith ag teastáil ó sholáthraithe faisnéis bhreise a sholáthar sa chuid seo faoi ábhair a cuireadh isteach i gcodanna eile (Cuid 1.2.1. san áireamh, de réir mar is cuí), iarrtar orthu discréd a léiriú i ndáil leis sin.

CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...

3.1. Leithead Eolais/Cineál Eolais

	Léireoidh an céimí eolas agus tuiscint ar:
Caighdeán Eitice agus Iompar Gairmiúil	<ul style="list-style-type: none"> — ról sainiúil an mhúinteora sa mar ghairmí atá ag freastal ar fhorbairt iomlánaíoch na ndaltaí, agus castacht achrannach na múinteoireachta mar a léirítear é in <i>An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí</i> — an leanúntas in oideachas múinteoirí agus aistear foghlama ar feadh an tsaoil an mhúinteora, ag tabhairt aird ar chéim an aistir sin atá bainte amach aige/aici.
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	
Oideachas agus an Córas Oideachais	<ul style="list-style-type: none"> — ábhar agus cuspóirí an oideachais agus na comhthéacsanna sóisialta agus polasaí ina sainítear aidhmeanna an oideachais agus ina ndéantar iad a chur i bhfeidhm — bunús agus forbairt an chreata reachtúil agus déanta polasaí a bhaineann leis an oideachas, ról ar leith an mhúinteora agus na freagrachtaí a éiríonn ón gcreat sin, chomh maith le ról agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara uile, tuismitheoirí san áireamh — cearta leanaí, ar a n-áirítear a gceart a dtuairimí a nochtadh maidir le saincheisteanna éagsúla a bhaineann lena saol — an earnáil ina mbeidh an múinteoir ag teagasc agus a f(h)reagrachtaí gairmiúla laistigh den earnáil sin — earnálacha eile oideachais agus tosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar dhaltaí atá ag aistriú ó earnáil amháin go hearnáil eile — cultúr scoile agus tionchar an chultúir sin ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar fheidhmiú an pholasaí curaclaim — taighde oideachais agus an tairbhe lena mbaineann do theagasc, foghlaim agus measúnú.
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	
Eochairphrionsabail maidir le Pleanáil, Teagasc, Foghlaim, Measúnú, Machnamh agus Féinmheastóireacht	<ul style="list-style-type: none"> — smaointeachas reatha faoi fhorbairt agus foghlaim an duine — an teoiric, na coincheapa agus na modhanna a bhaineann le teagasc, foghlaim agus measúnú éifeachtach, idir shuimitheach agus fhoirmitheach — na tosca a chothaíonn foghlaim éifeachtach agus a chuireann bac uirthi, tionchar cúlra agus féiniúlacht daltaí ar fhoghlaim agus an riachtanas foráil a dhéanamh d'fhorbairt iomlánaíoch an fhoghlaim, go háirithe trí chineálacha difreáilte cur chuige — ról múinteoirí mar cheannairí oideachais a chuireann le pobail foghlama a chruthú agus a bhuanú ina seomraí ranga, ina scoileanna agus trína líonraí gairmiúla — daltaí mar ghníomhairí díreacha ina bhfoghlaim féin — an t-idirspheáil idir foghlaim an mhúinteora agus foghlaim na ndaltaí — múnlaí um chlár theagaisc a phleanáil atá comhleanúnach, difreáilte agus comhtháite agus a bhfuil machnamh leanúnach ar chleachtas gairmiúil mar bhonn eolais leo.
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	

<p>Eolas ar Ábhar agus Próiseas agus Ábhar Curaclaim</p>	<ul style="list-style-type: none"> — na próisis fhuinniúla trína ndéantar curaclam a dhearadh agus a fheidhmiú — curaclaim/siollabais reatha náisiúnta san earnáil chúí agus feasacht ar riachtanais churaclaim sna céimeanna foghlama roimh agus i ndiaidh na céime reatha — an t-ábhar, an t-ábhar oideolaíochta agus an mhodheolaíocht ghaolmhar atá sa churaclam/siollabas agus sna treoirlínte cúí — ról teanga i dteagasc an churaclaim/an tsiollabais, le fócas ar leith ar litearthacht agus uimhearthacht — naisc agus téamaí traschuraclaim ar a n-áirítear saoránacht; cruthaitheacht; cuimsiú agus ilchineálacht; tionscnamh agus fiontraíocht; oideachas pearsanta, sóisialta agus sláinte; agus TFC, mar is cúí don earnáil agus don chéim oideachais, agus conas a bhaineann na nithe seo le taithí saoil.
<p><i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i></p>	
<p>Cumarsáid agus Tógáil Comhchaidrimh</p>	<ul style="list-style-type: none"> — an tábhacht a bhaineann le comhchaidreamh idir múinteoirí agus daltaí sa phróiseas teagaisc/foghlama — straitéisí chun dea-chaidreamh a fhorbairt le daltaí, tuismitheoirí, comhghleacaithe, príomhoide na scoile, bainistíocht na scoile, comhghairmithe agus leis an bpobal i gcoitinne, agus chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo — ról na bpáirtithe leasmhara agus an tábhacht a bhaineann le plé agus comhoibriú leo, chun cur le spiorad saineúil na scoile agus chun dea-thimpeallacht teagaisc agus foghlama a fhorbairt.
<p><i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i></p>	

3.2. Fios Gnó & Réimse Scileanna Fios Gnó & Roghnaíocht Scileanna

	Beidh an céimí ábalta:
Scileanna um Anailís, Smaointeoireacht Chriticiúil, Réiteach Fadhbanna, Machnamh agus Féinmheastóireacht	<ul style="list-style-type: none"> — meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar na meonta agus na tuairimí faoi theagasc agus foghlaim a chuireann bonn eolais faoina c(h)leachtas gairmiúil agus a thugann treoir dó — dul i mbun sonraí a bhailiú agus meastóireacht agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar eolas agus ar thaighde cuí — smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh agus fadhbanna a anailísiú agus a réiteach, mar dhuine aonair agus mar bhall foirne — machnamh chriticiúil a dhéanamh ar a c(h)leachtas ar bhonn leanúnach chun treoir a thabhairt don chleachtas sin.
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	
Scileanna Pleanála, Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe	<ul style="list-style-type: none"> — ionchais shoiléire, dhúshlánacha, réadúla a leagan amach do dhaltáí — spreagadh agus inspreagadh a thabhairt do dhaltáí, iarracht a aithint agus a chomóradh — feidhm a bhaint as eolas ar chumas daltaí aonair, claonadh chun foghlama, cúlraí éagsúla, féiniúlacht, taithí agus stíleanna foghlama éagsúla chun teagasc, foghlaim agus measúnú a phleanáil — feidhm a bhaint as réimse straitéisí chun tacú le cur chuige foghlama agus le dul chun cinn daltaí, agus chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh orthu — plé le daltaí chun straitéisí éifeachtacha, cruthaitheacha agus samhlaíocha a fhorbairt a chothaíonn foghlaim aonair agus chomhroinnte — teicneolaíocht, lena n-áirítear acmhainní ilmheánacha, a úsáid go héifeachtach chun tacú le foghlaim daltaí — measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá aidhmeanna an churaclaim á mbaint amach agus a t(h)eagasc a oiriúnú dá réir — a c(h)uid eolais faoi fhorbairt iomlánaíoch daltaí a chur i bhfeidhm ar a t(h)eagasc agus freagracht shóisialta a chothú — cur le meastóireacht agus pleanáil éifeachtach scoile.
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	
Scileanna Bainistíochta agus Eagraithe Seomra Ranga	<ul style="list-style-type: none"> — timpeallacht shlán, idirghníomhach agus dhúshlánach a chruthú agus a chothabháil ina mbaintear feidhm as straitéisí a chothaíonn agus a choinníonn iompar dearfach, de réir pholasaí na scoile — straitéisí bainistíochta seomra ranga a bhunú a thacaíonn le foghlaim dhifreáilte ar chaoi ina dtugtar meas ar dhínit na ndaltaí uile — scileanna cuí bainistíochta agus eagraithe seomra ranga a úsáid chun freastal ar chineálacha éagsúla seomraí ranga — acmhainní curaclaim ilchineálacha a rochtain, a fhorbairt agus a úsáid — a c(h)uid ama agus oibre a bhainistiú go héifeachtach críochnúil.
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	

<p>Scileanna Cumarsáide agus Tógála Comhchaidrimh</p>	<ul style="list-style-type: none"> — dea-chaidreamh a chothú le daltaí agus idir daltaí, atá bunaithe ar chóimheas, muinín agus idirghníomhaíochtaí fiúntacha — cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daltaí, tuismitheoirí, comhghleacaithe, príomhoide na scoile, bainistíocht na scoile, comhghairmithe agus leis an bpobal níos leithne trí scileanna, stíleanna agus córais chuí a úsáid i bhfianaise na gcúinsí agus an tsuímh ar leith — páistí a chumasú chun coinbhleacht a réiteach
<p>— leas na ndaltaí a chur in iúl agus a chur chun cinn, mar is cúf.</p> <p><i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i></p>	

3.3. Inniúlacht – Comhthéacs/Inniúlacht - Ról

	Beidh an céimí ábalta:
Eolas, Scileanna, Meonta agus Luachanna a Chomhtháthú agus a Fheidhmiú i Suíomhanna Oideachais Casta Taghdacha	<ul style="list-style-type: none"> — prionsabail agus teoiricí cuí oideachais a chomhtháthú, i gcomhthéacs an churaclaim/an tsiollabais chuí, ag úsáid scileanna dea-fhorbartha fiosraithe, chun bonn eolais a chur faoina c(h)leachtas gairmiúil — measúnú córasach iomlánaíoch a dhéanamh ar riachtanais foghlaimeoirí — réimse modheolaíochtaí a fheidhmiú chun torthaí pleanáilte a bhaint amach — meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn foghlaimeoirí i ndáil leis na torthaí sin a bhaint amach — pleananna a athbhreithniú i bhfianaise sonraí meastóireachta agus i gcomhar le daoine eile, mar is cuí — taighde cuí a dhéanamh agus a fheidhmiú, de réir mar is cuí dá c(h)omhthéacs teagaisc, chun eolas nua maidir le curaclam, oideolaíocht agus measúnú a aithint, a anailísiú go criticiúil agus a chomhtháthú ina c(h)leachtas — gníomhú mar thacadóir foghlaimeoirí, ag cur daltaí ar aghaidh chun tacaíocht speisialaithe oideachais mar is gá agus ag glacadh páirt i soláthar na tacaíochta sin, mar is cuí.
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	

3.4. Inniúlacht – Foghlaim chun Foghlama

	Déanfaidh an céimí:
An Múinteoir mar Fhoghlaiméoir ar feadh an tSaoil	<ul style="list-style-type: none"> — tiomantas a thabhairt don fhorbairt phearsanta agus don fhorbairt ghairmiúil ar feadh an tsaoil, a bheidh léirithe sa chur chuige a úsáidfidh sé nó sí ina c(h)uid oibre — punann ghairmiúil a chothabháil — éifeacht a c(h)leachtais a athbhreithniú trí mhachnamh leanúnach a dhéanamh ar an gcleachtas sin — tiomantas gairmiúil a thaispeáint maidir le comhairle chuiditheach a lorg, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm — páirt ghníomhach a ghlacadh i bpobail ghairmiúla foghlama a bhíonn ag plé go comhpháirteach le machnamh, foghlaim agus cleachtas.
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	

3.5. Inniúlacht - Léargas

	The graduate will:
Teagasc Gairmiúil agus Eiticiúil	<ul style="list-style-type: none"> — na croiluachanna agus gealltanais ghairmiúla atá leagtha amach in <i>An Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí</i> a chur ar eolas agus seasfaidh sé nó sí leo — machnamh ar na luachanna agus na gealltanais seo agus ar na himpleachtaí lena mbaineann maidir lena c(h)leachtas — páirt a ghlacadh i bhforbairt caighdeáin agus treoirlínte oideachais — gach cuid dá c(h)leachtas i gcomhréir leis an gcreat reachtúil a bhaineann le hoideachas, ar a n-áirítear na treoirlínte um chosaint leanaí — saineolas a roinnt ar bhealach comhghleacúil chun tacú le teagasc agus foghlaim agus chun feabhas a chur orthu — tuiscint agus comhfhios ar cheisteanna i ndáil le cleachtas gairmiúil a thaispeáint trí mhachnamh a dhéanamh ar thaithí — cáil agus seasamh na gairme múinteoireachta a chosaint trína c(h)leachtas..
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	

4. Faisnéis Fhorlíontach

D'fhéadfadh an Painéal Athbhreithnithe roghnú cuairt a thabhairt ar an Institiúid Ardoideachais mar chuid den phróiseas athbhreithnithe. Le linn na cuairte, d'fhéadfadh an Institiúid Ardoideachais, más mian léi, faisnéis fhorlíontach a chur ar fáil don Phainéal. Ba chóir liosta de na doiciméid fhorlíontacha a bheartaíonn an soláthraí a sholáthar le linn na cuairte a chur ar fáil anseo.

[CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...](#)

Aguisín A

Foirm Teimpléid do Chur Isteach Mionsonraí maidir le Foireann Acadúil

Ainm agus teideal	Cáilíochtaí (lena n-áirítear an foras cáiliúcháin, an dáta bronnta, mionsonraí aon chlár ábhartha atá ar siúl faoi láthair)	Taithí (lena n-áirítear mionsonraí ar an ról reatha agus an tréimhse a caitheadh sna ról uile roimhe seo)	Taithí san earnáil (bunoideachas, iarbhunoideachas)	Taighde a rinneadh agus/nó a foilsíodh
<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>	<i>CUIR FAISNÉIS ISTEACH ANSEO...</i>